
COURT OF JUSTICE
OF THE EUROPEAN UNION

**PREASEISIÚINT Uimh. 79/24**

**Lucsamburg, 30 Aibreán 2024**

## Comóradh 20 bliain ó aontachas 10 stát leis an Aontas Eorpach

*Chun an ócáid seo a chomóradh, eagrófar comhdháil Dé hAoine an 3 Bealtaine 2024 ó 9:00 a.m. go 18:00 p.m. i Palais na Cúirte*




An 1 Bealtaine 2004, tháinig 10 mBallstát nua isteach san Aontas Eorpach: Poblacht na Seice, an Eastóin, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Pholainn, an tSlóivéin agus an tSlóvaic. D'oscail an méadú ollmhór seo peirspictíochtaí i dtreo réimse nua forbartha agus lánpháirtíochta. Chun comóradh 20 bliain na hócáide stairiúla seo

a cheiliúradh, beidh comhdháil ar siúl ar an 3 Bealtaine i bPalais na Cúirte Breithiúnais, a bheidh dírithe ar thrí sheisiún.

Tar éis do Ineta Ziemele, Breitheamh den Chúirt Bhreithiúnais, óráid fáiltithe na comhdhála a thabhairt, tabharfaidh Koen Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, an óráid tosaigh. Díreoidh an **chéad seisiún** ar stair an mhéadaithe is mó a tharla riamh san Aontas Eorpach. I gcomhthéacs an réamhaontachais, déanfar tagairt do na critéir atá le comhlíonadh ('critéir Chóbanhávan') ionas gur féidir le tíortha is iarrthóirí dul ar aghaidh ar bhealach caighdeánaithe i dtreo bhunphrionsabail na lánpháirtíochta Eorpaí, eadhon an smacht reachta, geilleagar an mhargaidh agus iolrachas polaitiúil. Níos deireanaí ar maidin, díreoidh an **dara seisiún** ar an méid a chuir méadú 2004 le forbairt an Aontais Eorpaigh mar 'Aontas luachanna'; na comhluachanna atá cumhdaithe in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, céannacht an Aontais Eorpaigh mar dhlíchóras coiteann. Sa tráthnóna, díreofar an **tríú seisiún** ar rialacháin eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, agus é mar aidhm iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi le 20 bliain anuas, ar éirigh le dlí an Aontais Eorpaigh rialú a dhéanamh ar Chúirteanna an Aontais Eorpaigh, agus comhleanúnachas agus cóineasú gheilleagair náisiúnta na mBallstát nua san Aontas Eorpach.

Glacfaidh daoine mór le rá ón saol dlíthiúil, polaitiúil agus taidhleoireachta páirt sa chomhdháil seo mar chainteoirí.

Craolfar an t-imeacht seo beo agus ina iomláine ar shuíomh gréasáin na Cúirte: https://curia.europa.eu/jcms/jcms/p1_4335226/ga/.

Gheobhaidh tú eolas faoin gcomhdháil anseo.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmháil phreasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Fan i dteagmháil linn!